# CEADÚNÚ LEANTÓRA/LEATH-LEANTÓRA NÓ ATHRÚ MIONSONRAÍ TF 100

**NÁ bain úsáid as an bhfoirm seo le haghaidh Athrú Úinéireachta – Féach Nóta B**

LÉIGH NA NÓTAÍ THALL SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM SEO

**1. LEANTÓIR**

**1. Marc Leantóra** (más eol) (déan neamhaird más seo an chéad cheadúnú)

**2. Cineál/Múnla**

**3. Uimh Fonnaidh**

**4. An Bhliain a Monaraíodh**

**5. An Chéad Dáta Cláraithe sa Stát Seo:** Lá Mí Bliain

**6. Cineál Cabhlach Leantóra** (Cur tic le do thoil) **Ar Athraíodh an Cineál Cabhlach?** Athraíodh ☐ Níor Athraíodh ☐

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bosca | T11 | Iompróir Beostoic | T12 | Creat | T02 |
| Olltancaer | T13 | Lódaire Íseal | T09 | Líneár Teannta | T07 |
| Le Cuirtín | T06 | Aonad Cuisnithe | T06 | Brat Dín | T14 |
| Cabhlach Cothrom | T05 | Iompróir Feithicle | T10 | Inchlaonta | T01 |

**7. Cineál Leantóra** (Cur tic le do thoil)

| | |
|---|---|
| Nua | N |
| Allmhairithe | A |
| Eile | E |

**8. Ollmheáchán Ceaptha Uasta na Feithicle (kg)**

**9. Meácháin Acastóra Ceaptha Uasta:**

| | Acastóir Tosaigh | Acastóir 2 | Acastóir 3 | Acastóir 4 | Acastóir 5 | Acastóir 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| kg | | | | | | |

**2. ÚINÉIR**

An tUas/Iníon /Bean Uí, etc

Céad Ainm(neacha)

Sloinne NÓ Ainm na Cuideachta

Seoladh

Baile/Cathair

Contae

Uimh. Theil

Seoladh ina gcoinnítear an leantóir de ghnáth (Cuir isteach "mar thuas" más ag an seoladh thuas a choinnítear é)

**3. DEIMHNIÚ AR RÓDACMHAINNEACHT (CRW)** Uimhir
(Féach Nóta C3)

Dáta Éaga Lá Mí Bliain

**4. TRÉIMHSE CEADÚNAIS**

LÉIGH FÓGRA C4 SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN ROINN SEO

Ní mór na míonna go léir a bheith idir éag an Cheadúnais deiridh agus tús an Cheadúnais nua clúdaithe faoi Thréimhse Úinéara Roimhe Seo, Neamh-úsáide nó Riaráistí

| | AN CHÉAD LÁ DEN Mhí | Bhliain | | AN LÁ DEIRIDH DEN Mhí | Bhliain | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.1 Dáta Éaga an Cheadúnais Deiridh . . . . . . . . | | | → | | | |
| 4.2 Tréimhse an Úinéara Roimhe Seo (más infheidhme) | | | GO | | | |
| 4.3 Tréimhse Neamh-úsáide (féach Roinn 6 más infheidhme) | | | GO | | | |
| 4.4 Tréimhse Riaráistí (más infheidhme) | | | GO | | | € |
| 4.5 Ceadúnas ag Teastáil Anois - 12 Mí | | | GO | | | € |
| 4.6 Táille an Chéad Cheadúnaithe (más infheidhme) | | | | | | € |

**D'úsáid Oifige Amháin**

| | |
|---|---|
| Airgead | € |
| Seic | € |
| Ordó Poist | € |
| Dréacht Bainc | € |
| Eile | € |

Dáta a Fuarthas

CRW ☐ KG ☐ €

Dáta **IOMLÁN** €

Uimhir Sraithe an Chárta Leantóra:

**5. DEARBHÚ – Ní Mór Duit an Roinn Seo a Chomhlánú – Féach Nóta C5**

Dearbhaím go bhfuil na mionsonraí atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart. Síniú: Dáta

**6. DEARBHÚ NEAMH-ÚSÁIDE:** Comhlánaigh an roinn seo ag stáisiún na nGardaí má tá tú ag déanamh éilimh ar neamh-úsáid leantóra in áit phoiblí nó ar thréimhse roimh chéad cheadúnú nó ar thréimhse idir dul in éag an cheadúnais leantóra deiridh/úinéireacht nua agus tús an cheadúnais nua.

(i) Dearbhaím nach baineadh úsáid as an [ ] leantóir, marc leantóra (uimhir fonnaidh mura bhfuil marc ann) gan mo thoiliú in áit phoiblí

Sa Tréimhse Ón chéad lá de [ ][ ] **Mí** [ ][ ][ ][ ] **Bliain** GO dtí an lá deiridh de [ ][ ] **Mí** [ ][ ][ ][ ] **Bliain**

Síniú [ ] Dáta [ ]

(ii) Chomhlánaigh an t-iarratasóir an dearbhú thuas agus mise i láthair.

Síniú Garda [ ] Dáta [ ]

Stampa Stáisiún na nGardaí

# NÓTAÍ

Téigh i dteagmháil le d'Oifig Mótarchánach áitiúil le do thoil má theastaíonn aon chúnamh uait leis an bhfoirm seo a chomhlánú.

### A. Cá huair ar chóir an fhoirm seo a úsáid

Is féidir an fhoirm seo a úsáid le leantóir nó leath-leantóir le meáchán ceadaithe uasta níos mó ná 3,500kg a cheadúnú (chéad cheadúnas nó athnuachan) nó le haon mionsonraí leantóra a chlárú.

### B. Cá huair nár chóir an fhoirm seo a úsáid

NÁ bain úsáid as an bhfoirm seo le hathrú úinéireachta leantóra a chlárú. Ní mór duit an fhoirm Athrú Úinéireachta (TF200) a úsáid, nach mór a thabhairt nó a sheoladh chuig d'Oifig Mótarchánach áitiúil i dteannta leis an gCárta Ceadúnais Leantóra.

**C1** Cuir isteach Marc an Leantóra más rud é go raibh an leantóir ceadúnaithe roimhe seo. Mura raibh an leantóir ceadúnaithe roimhe seo, cuirfear an marc isteach ag an Oifig Mótarchánach. Líon isteach na mionsonraí leantóra uimhrithe 2 go 9 mar a léirítear ar an bhfoirm.

**C2** NÍ MÓR Roinn 2 a chomhlánú. Tabhair ar aird NACH FÉIDIR Roinn 2 a úsáid le hathrú úinéireachta d'aon chineál a chlárú – féach Nóta B thuas. Cuir isteach ainmneacha agus seoladh an té ina mbeidh an leantóir ceadúnaithe ina leith. I gcás EINTITEAS DLÍTHIÚIL ní mór go ndearbhófaí an teideal dlíthiúil iomlán agus ceart, e.g. i gcás cuideachta chláraithe, ba chóir go luafaí an t-ainm mar atá sé sa Deimhniú Corpraithe. Mura cuideachta chláraithe é an trádálaí, beidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe in ainm duine.

**C3** Beidh Teastas Ród-acmhainneachta (CRW) ag teastáil do leantóirí atá ceadúnaithe le bliain amháin nó níos mó. Mura bhfuil CRW reatha agat, cuir Ráiteas Pas eisithe ag Scrúdaitheoir Údaraithe maraon leis an táille chuí isteach leis an bhfoirm seo le CRW a fháil.

**C4** Baintear úsáid as Roinn 4 le suimeanna na dTáillí **Ceadúnais Leantóra agus Riaráistí** (más ann) a bheidh iníoctha a ríomh. Lean na TREORACHA ag C4.1 go C4.5 thíos le do thoil. **Más rud é gur iarratas ar an gcéad ceadúnas gan aon riaráistí atá i gceist,** go díreach comhlánaigh 4.5 agus 4.6. Eisítear ceadúnais ar feadh tréimhse 12 mí agus ní eisítear iad i ndáil le míonna atá caite cheana. Ní mór RIARÁISTÍ a íoc ar na míonna atá caite tar éis an cheadúnais deiridh dul in éag (féach 4.4 thíos), mura mbeidh Athrú Úinéireachta nó Tréimhse Neamhúsáide i bhfeidhm (féach 4.2.4.3 thíos).

- 4.1 Cuir isteach mí agus bliain éaga an Cheadúnais Leantóra deiridh sna boscaí atá curtha ar fáil ag 4.1 ar an bhfoirm e.g mar seo a leanas más rud é gur éag an Ceadúnas i mí an Mheithimh, 2007
- 4.2 Más rud é gur athraigh úinéireacht an leantóra ón uair dheireanach a ceadúnaíodh é, ní bheidh tú faoi dhliteanas don tréimhse riaráiste ó dháta éaga an cheadúnais deiridh go deireadh an mhí díreach roimh an dáta díolacháin. Cuir na dátaí sin isteach sna boscaí atá curtha ar fáil ag 4.2 ar an bhfoirm.
- 4.3 Má táthar ag dearbhú neamh-úsáid leantóra, ní mór duit Roinn 6 a chomhlánú ag Stáisiún na nGardaí. Cuir isteach an tréimhse neamh-úsáide mar a dearbhaíodh i Roinn 6 sna boscaí atá curtha ar fáil ag 4.3 ar an bhfoirm.
- 4.4 Más rud é go raibh míonna caite ó d'éag an cheadúnas deiridh, nach bhfuil clúdaithe ag Tréimhse an Úinéara Roimhe Seo nó ag Dearbhú Neamh-úsáide, beidh riaráistí dlite. Cuir tréimhse agus suim na riaráistí isteach i 4.4.
- 4.5 Cuir an tréimhse 12 mí agus an táille isteach sna boscaí.
- 4.6 Más rud é go bhfuiltear ag Ceadúnú an leantóir don chéad uair, beidh táille chláraithe tosaigh le híoc.

**C5** Ní MÓR duit Roinn 5 a chomhlánú.
Ní mór gur le húinéir an leantóra an síniú ar an bhfoirm seo. I gcás cuideachtaí atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963, ní mór gur leis an Stiúrthóir Bainistíochta nó an Rúnaí an síniú. Nuair is comhlacht príobháideach atá i gceist, ní mór síniú duine de na comhpháirtithe a chur isteach.

**C6** Comhlánaigh Roinn 6 ag Stáisiún na nGardaí más ag dearbhú **neamh-úsáid** leantóra atá tú.
Is féidir leat Dearbhú Neamh-Úsáid leantóra a dhéanamh, nach mór a bheith sínithe ag Garda agus stampáilte le stampa Stáisiún na nGardaí sna cúinsí seo a leanas:

a) Más rud é go bhfuil tú ag déanamh iarratas ar cheadúnas leantóra do thréimhse nach dtagann díreach i ndiaidh na tréimhse a chlúdaigh an ceadúnas deiridh agus mura bhfuil an tréimhse clúdaithe ag íocaíocht riaráistí, NÓ
b) Más rud é gur seo céad cheadúnú an leantóra agus go raibh an leantóir i do sheilbh agus nár baineadh úsáid as in áit phoiblí roimh an mhí a ndearnadh an t-iarratas.

### D. Cad a chaithfidh a bheith i dteannta na foirme seo

Caithfidh na doiciméid seo a leanas a bheith i dteannta an fhoirm Ceadúnaithe Leantóra seo:
- Táille – Ní mór duit seic nó ordú poist don táille chuí, a bheidh iníoctha leis an gComhairle Chontae/Comhairle Chathrach agus trasnaithe "Cuntas Mótarchánach" a chur isteach. Ná cuir airgead tríd an bpost. Téigh i dteagmháil le d'Oifig Mótarchánach áitiúil le soiléiriú a fháil maidir leis na táillí cuí nó modhanna íoctha eile.
- Teastas Monaróra / Coimeálaí (foirm TF300), infhaighte ó d'Oifig Mótarchánach áitiúil, MURA ceadúnaíodh an leantóir roimhe seo nó más rud é gur athraigh meáchán an leantóra ón uair dheireanach a ceadúnaíodh é.
- Cárta Ceadúnais Leantóra, más rud é gur ceadúnaíodh an leantóir roimhe seo.
- Teastas Ród-acmhainneachta bailí do leantóirí atá ceadúnaithe le bliain amháin nó níos mó.

### RABHADH – DEARBHUITHE BRÉAGACHA

Beidh pionóis throime inchurtha ar aon duine a dhéanann dearbhú bréagach, nó nach gcuireann aon athruithe a eascraíonn ina dhiaidh sin maidir leis na mionsonraí ceadúnaithe atá curtha ar fáil anois faoi bhráid. D'fhéadfadh sé go mbeadh fianaise chuí ag teastáil ón údarás ceadúnaithe maidir le cruinneas na mionsonraí dearbhaithe.

**Ráiteas Príobháideachta**

Éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) ar chustaiméirí faisnéis phearsanta ar leith a sholáthar d'fhonn feidhmeanna reachtacha agus riaracháin a chomhlíonadh.  Caithfidh an Roinn le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí atá faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus reachtaíocht Cosanta Sonraí.
D'fhéadfaí, de réir dlí, do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile atá ag teacht faoi théarmaí tagartha DTTAS. Tá na sonraí ar fad maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne, ina leagtar amach mar a bhainfimid leas as do chuid faisnéise pearsanta, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar dhuine is údar do na sonraí le fáil ag  www.dttas.gov.ie/dataprotection.
Tá cóip chrua de na sonraí maidir leis an mbeartas seo le fáil freisin ach ríomhphost á iarraidh a sheoladh chuig dataprotection@dttas.gov.ie nó scríobh chuig an Aonad Cosanta Sonraí, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60.